C/2024/2462

27.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11517 – CKI / CKA / PHOENIX ENERGY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2462)

1. An 20 Márta 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— CK Infrastructure Holdings Limited ('CKI', Beirmiúda), faoi rialú CK Hutchison Holdings Limited (Oileáin Cayman),

— CK Asset Holdings Limited ('CKA', Oileáin Cayman),

— Phoenix Energy Holdings Limited agus a fhochuideachtaí ('Phoenix Energy', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh CKI agus CKA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Phoenix Energy ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bonneagair domhanda é CKI a bhfuil infheistíochtaí éagsúlaithe aige i mbonneagar fuinnimh, bonneagar iompair, bonneagar uisce, bainistiú dramhaíola, aisghabháil fuinnimh, bonneagar teaghlaigh agus gnólachtaí a bhaineann le bonneagar,

— Is ilchuideachta ilnáisiúnta é CKA ag a bhfuil gníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear, *inter alia*, forbairt maoine agus infheistíocht i maoin, bainistiú maoine agus tionscadal, oibriú bonneagair agus fóntais,

— Is le Phoenix Energy an dáileadh gáis i Mórcheantar Bhéal Feirste, Latharna, Oirthear an Dúin agus an Ceann Bán i dTuaisceart Éireann agus is é a oibríonn é freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11517 – CKI / CKA / PHOENIX ENERGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË